# Puzail Tarsia 3 - Na Botúin a Aimsiú

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas - oibríochtaí<br>Cruth agus Spás - cruthanna déthoiseacha<br>Ailgéabar - uimhreacha treocha, rialacha, airíonna, athróga<br>*Comhtháthú - Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cumarsáid agus cur in iúl - na próisis a d'úsáidfí mar aon le torthaí gníomhaíochtaí, fadhbanna agus tionscadal matamaiticiúil a phlé agus a mhíniú ar bhealach eagraithe<br>• Cur i bhfeidhm - straitéisí meabhracha agus bealaí oibre a chumadh agus a úsáid chun tascanna matamaiticiúla a chomhall<br>• Cur i bhfeidhm - bealaí oibre caighdeánacha a fheidhmiú go héifeachtach le huirlisí éagsúla |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | triantán comhshleasach, traipéisiam, heicseagán, cearnóg, dronuilleog, ceathairshleasán, rombas, slios, sleasa, comhionann, teisiliú, réitigh, straitéis, suimigh, dealaigh, roinn, iolraigh, codán, deachúil, sraith, lúibíní, cothromóid, ailgéabar, cearnach, ciúbach |
| **Áiseanna** | triantáin chomhshleasacha le gearradh amach, siosúr, gliú |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

Déanann an ghníomhaíocht seo forbairt ar thaithí na ndaltaí ar Ghníomhaíochtaí Tarsia 1 & 2.

### 1 Gníomhaíocht 1

Ina n-aonar nó i mbeirteanna, cruthaíonn daltaí a gcuid puzal teisilithe Tarsia bunaithe ar thopaic ailgéabair a réiteoidh dalta nó beirt eile. Agus iad ag scríobh a gcuid leideanna, cuireann siad botúin san áireamh atá le haimsiú ag an duine eile. Mar shampla, d'fhéadfaí iarraidh ar na daltaí roinnt de na rudaí seo a leanas a chur san áireamh:

- uimhreacha diúltacha
- lúibíní
- patrúin
- athróga
- cearnóga nó ciúbanna

Roinneann siad a bpuzail chríochnaithe Tarsia lena gcomhscoláire chun na botúin a aimsiú. Nuair a bheidh sé sin déanta acu, roinnfidh siad a straitéisí maidir leis na botúin a aimsiú. Measann siad na puzail agus smaoiníonn siad ar na rudaí a d'oibrigh go maith agus ar na rudaí a d'athródh siad. Is féidir na puzail a léiriú sa seomra ranga nó iad a roinnt ar fhóram ar líne.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na cruthanna a rinne tú?<br>• Cé mhéad botún a d'aimsigh tú?<br>• Cad é an freagra ceart ar an gceist seo?<br>• Cén teideal a thabharfá ar an bpuzal seo? | • Cén áit ar thosaigh tú? Cén fáth?<br>• Conas a bhí a fhios agat go raibh an freagra seo ceart/mícheart?<br>• Conas atá a fhios agat go bhfuair tú na botúin ar fad?<br>• Cad iad na patrúin a thug tú faoi deara sna botúin?<br>• Cad é an chuid is dúshlánaí/is éasca faoin ngníomhaíocht seo? Cén fáth?<br>• Dá ndéanfá do phuzal Tarsia arís, cad a d'athrófá agus cén fáth?<br>• Cad é a bheadh ort a dhéanamh chun an cruth seo a dhéanamh go cruth x? |

## Difreáil

Socraigh inneachar agus líon critéar agus/nó líon botún le bheith mar chuid de na puzail Tarsia nó atá le haimsiú de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.